

# Eleathanach233

Dé Luain 9 Bealtaine 2016



## Comghairdeas leo. Rinne siad gaisce!

"Bhí sé ag snámh in aghaidh easa". Ach sin go díreach an rud atá déanta ag club sacair Leicester City i Sasana. An tseachtain seo caite bhuaigh siad Príomhroinn Peile Shasana den chéad uair riamh.

Níor chreid aon duine - seachas an fhoireann iad féin b'fhéidir - go bhféadfaidís í a bhuan. Ach rinne siad é. Dhá bhliain ó shin bhí siad i mbaol dul síos go dtí an chéad roinn i Sasana. Ach níor chaill siad an misneach.

Agus bhuaigh siad arís ag an deireadh seachtaine seo leis an scór 3-1 i gcoinne Everton. Agus mar sin tá fadhb ag an iarpheileadóir Gary Lineker. Is láithreoir teilifíse anois é agus beidh air an clár "Match of The Day" a chur i láthair ina fhobhríste tar éis an tsamhraidh!

Sin gealltanais a thug sé i mí na Nollag nuair a cheap sé nach raibh aon seans ag Leicester an Phríomhroinn a bhuan. Gary bocht!

Agus Dé Domhnaigh bhuaigh Ceiltigh Ghlasú Príomhroinn na hAlban nuair a bhuaigh siad ar Aberdeen leis an scór 3-2. Bhí Aberdeen sa dara háit.



## Scairdeitleán ar snámh, is ag seoladh go Sligeach

Bhí radharc an-aisteach ar ár dteilifíseáin Dé Sathairn. Chonaiceamar eitleán mór - nó scairdeitleán - amuigh ar bharr na dtonn, ar a bhealach go Sligeach.

Cheannaigh fear áitiúil an scairdeitleán. Ba mhaith leis é a chur ar taispeáint ina champa saoire i gContae Shligigh. Bhí an t-eitleán Rúiseach ina luí gan úsáid in Aerfort na Sionainne.

Cheannaigh sé é ar €20 000. Ansin sheol sé é suas an cósta ar rafta mór. Bhailigh na mílte duine ar an gcósta chun féachaint ar an radharc aisteach sin. Bhí cúpla fadhb acu ach anois tá an t-eitleán slán sábháilte i Sligeach.



Seo an scairdeitleán ar a bhealach go Co Shligigh



Tá Enda Kenny ina Thaoiseach arís!

## Enda ar ais!

An tseachtain seo caite d'fhoghlaimíomar go raibh margadh déanta ag Fine Gael le cúpla TD (Teachta Dála) eile.

Mar sin fuair Enda Kenny go leor vótaí agus tá sé ina thaoiseach arís.

Tá deich seachtaine imithe ó bhí an t-olltoghchán againn. Bhí sé ar siúl 26 Feabhra 2016.



An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,  
OÉMN, i gcompháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

